# Catalóg Oiliúna EASO

## Lárionad Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla

2021



| | | | |
|---|---|---|---|
| PDF | ISBN 978-92-9465-081-8 | doi:10.2847/032193 | BZ-02-21-534-GA-N |
| Print | ISBN 978-92-9465-080-1 | doi:10.2847/642618 | BZ-02-21-534-GA-C |

© An Oifig Tacaíochta Eorpach do Chúrsaí Tearmainn, Aibreán 2021.

Is ceadmhach seo a atáirgeadh ach aitheantas a thabhairt don fhoinse.

Chun grianghraif nó ábhar eile nach bhfuil faoi chóipcheart EASO a úsáid nó a atáirgeadh, ní mór cead a lorg go díreach ó shealbhóirí an chóipchirt.

# Catalóg Oiliúna EASO
# 2021

# Brollach




Cheiliúir EASO comóradh deich mbliana a bhunaithe le déanaí. Le deich mbliana anuas, táimid ag soláthar modúil oiliúna atá gairmiúil agus oiriúnach don fheidhm do na Ballstáit ar bhonn seasta, ar modúil iad atá ríthábhachtach maidir leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a chur chun feidhme toisc go dtacaíonn siad le fothú acmhainneachta sna Ballstáit.

De réir na físe atá agam le haghaidh fhorbairt na Gníomhaireachta sa todhchaí, agus trí chur leis an méid a baineadh amach go dtí seo, bunaíodh Lárionad Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla EASO trí atheagrú a dhéanamh i mí Eanáir 2020 agus tá borradh fáis faoi faoi láthair. Bíonn méadú seasta ag teacht ar an líon modúl oiliúna atá ann chun freastal ar na riachtanais a chuireann údaráis tearmainn agus ghlactha in iúl agus tá an Lárionad ag uasghrádú an bhonneagair chun freastal ar an éileamh sin. Bítear ag méadú ar an líon údarás náisiúnta tearmainn agus glactha a roghnaíonn ár gCuraclam chun oiliúint a chur ar oifigigh nua-earcaithe agus oifigigh sheanchleachta agus iad ag tabhairt faoi fhoghlaim speisialaithe. Tá baint mhór aige sin leis na feidhmiúlachtaí atá ag dhá chuid lárnacha eile de EASO, mar atá obair an Lárionaid Eolais Tearmainn agus obair an Lárionaid Tacaíochta Oibríochtúla.

Chun tacú leis an bhforbairt sin, tá leagan breisithe dá Chreat Dearbhaithe Cáilíochta Oiliúna á chur i bhfeidhm ag EASO d'fhonn ár ngníomhaíochtaí oiliúna a ailíniú le caighdeáin Eorpacha le haghaidh dearbhú cáilíochta i réimse an oideachais agus na gairmoiliúna. Tá sé mar mhian agam go mbeidh oifigigh thearmainn agus ghlactha agus a gcuid riarachán ina gcuid lárnach de gach a ndéanaimid mar thoradh ar an gcreat sin trí mheasúnuithe deonacha le haghaidh foghlaim a dheimhniú, seirbhísí breisithe tacaíochta d'fhoghlaimeoirí agus d'oiliúnóirí agus gníomhaíochtaí láidre meastóireachta a thabhairt isteach chun a áirithiú go gcuirfear feabhas leanúnach ar an oiliúint a sholáthraímid. Agus na hathruithe sin á gcur chun feidhme, leanfar leis na modúil a bhunú ar an gcreat tagartha uileghabhálach ar a dtugtar an Creat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála (ESQF) d'oifigigh thearmainn agus ghlactha chun go mbeidh an oiliúint a sholáthrófar ag teacht leis na gnáthdhualgais agus na gnáthchúraimí laethúla a bhíonn ar oifigigh thearmainn agus ghlactha. Ina theannta sin, leanfar leis an oiliúint a sholáthar trí chóras bainistíochta foghlama EASO, rud lena gcuirfear ar chumas oifigeach tearmainn agus glactha an chuid ar líne den oiliúint a dhéanamh ar luas a oireann dóibh féin, agus a riachtanais forbartha gairmiúla á réiteach lena sceidil oibre agus lena bhfreagrachtaí gairmiúla an tráth céanna.

Sa Chatalóg Oiliúna seo, tugtar forbhreathnú ar na modúil a thairgtear d'oifigigh thearmainn agus ghlactha, lena n-áirítear oifigigh bheartais, taighdeoirí ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh, oifigigh Bhaile Átha Cliath, oifigigh chlárúcháin, oifigigh athlonnaithe, ateangairí, oifigigh ghlactha, bainisteoirí, stiúrthóirí agus cinn foirne a oibríonn i gcomhthéacs an tearmainn. Áirítear leis an tús eolais le haghaidh gach modúl faisnéis bhunriachtanach amhail an spriocghrúpa, na torthaí foghlama, forbhreathnú ar an modúl, an modh soláthair agus fad na gníomhaíochta oiliúna. Anuas air sin, feicfidh tú faisnéis faoin leagan is déanaí, faoina bhfuil i ndán do gach modúl agus faoi na teangacha a bhfuil gach modúl ar fáil iontu.

Agus fáilte á cur agam romhat chuig an gCatalóg Oiliúna uainn, guím gach rath ort agus tú ag tabhairt faoi do chuid foghlama!

**Nina Gregori**
**Stiúrthóir Feidhmiúcháin EASO**

Tús eolais ar Churaclam Oiliúna EASO ... 6
Cad is Curaclam Oiliúna EASO ann? ... 6
Cé a fhéadfaidh úsáid a bhaint as Curaclam Oiliúna EASO? ... 7
Á áirithiú go bhfuil an oiliúint oiriúnach don fheidhm – an Creat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála ... 7
Deimhniú ... 7
Aistriú i dtreo leagan níos spriocdhírithe de Churaclam Oiliúna EASO ... 8
Conas aistriúchán a iarraidh ar mhodúl de chuid Churaclam Oiliúna EASO ... 8
Modúil Churaclam Oiliúna EASO ... 9
Clásail eisiaimh a chur i bhfeidhm maidir le daoine nár cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt dóibh ... 12
An treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn ... 13
An Comhchóras Eorpach Tearmainn ... 15
Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn agus faisnéis a sholáthar dóibh ... 17
Faisnéis faoin tír thionscnaimh ... 19
Rialachán Bhaile Átha Cliath III ... 21
Deireadh le cosaint ... 23
Measúnú fianaise ... 25
Cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta in AE ... 27
Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh ... 29
Cásanna féideartha Bhaile Átha Cliath a shainaithint ... 31
Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint ... 33
Cuimsiú ... 34
Cuimsiú – ardmhodúl ... 36
Ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn ... 38
Agallamh a chur ar leanaí ... 40
Agallamh a chur ar dhaoine leochaileacha ... 42
Teicnící agallaimh ... 42
Tús eolais ar mhodhanna teagascacha ... 42
Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta ... 42
Bainistíocht i gcomhthéacs an tearmainn ... 42
Bainistíocht i gcomhthéacs an ghlactha ... 42
Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh ... 42
Glacadh ... 42
Glacadh daoine leochaileacha: leochaileacht a shainaithint agus tacaíocht tosaigh a sholáthar (bloc A) ... 42
Glacadh daoine leochaileacha: measúnú ar riachtanais agus dearadh idirghabhálacha (bloc B) ... 42
Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú ... 42
Athlonnú ... 42
Gáinneáil ar dhaoine ... 42
Iarscríbhinn I – Leaganacha teanga de mhodúil Churaclam Oiliúna EASO ... 42
Iarscríbhinn II – Leaganacha teanga de lámhleabhair oiliúnóra EASO le haghaidh soláthar fíorúil ... 42

# Clár Ábhar

## Tús eolais ar Churaclam Oiliúna EASO

Le Curaclam Oiliúna EASO, tugtar tacaíocht do na riaracháin náisiúnta agus do na seirbhísí náisiúnta atá freagrach as cúrsaí tearmainn sna Ballstáit trí oiliúint a bhunú agus a sholáthar. Tá sé sin ar cheann amháin de na hoibleagáidí atá ar EASO, mar a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 439/2010 (Rialachán EASO). Ó bhunú na hOifige amach, tá Curaclam Oiliúna EASO i mbun ábhair foghlama atá ar ardchaighdeán agus oiriúnach don fheidhm do chleachtóirí tearmainn agus glactha a sholáthar do Bhallstáit an Aontais Eorpaigh. Is féidir linn a rá go bródúil gurb amhlaidh, ó bhí an bhliain 2012 ann, gur chláraigh EASO breis agus 49 000 rannpháirtí i seisiúin oiliúna arna reáchtáil ag cleachtóirí tearmainn agus glactha in AE agus níos faide anonn. Tá an líon sin ina léiriú ar chur chun feidhme rathúil straitéis oiliúna agus foghlama EASO.

Freagraítear le Curaclam Oiliúna EASO do riachtanais na n-údarás náisiúnta atá freagrach as cúrsaí tearmainn sna Ballstáit agus, tríd an méid sin a dhéanamh, tugtar cabhair leis do na Ballstáit comhthuiscint a ghnóthú ar chaighdeáin AE maidir le cosaint idirnáisiúnta agus na caighdeáin sin a chur i bhfeidhm ar bhealach comhchuibhithe. Trí oiliúint, foghlaim agus forbairt a sholáthar, leanfaimid ar aghaidh ag tacú le cur chun feidhme praiticiúil an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus le breisiú na gcaighdeán cáilíochta.

## Cad is Curaclam Oiliúna EASO ann?

Is é is Curaclam Oiliúna EASO ann comhchóras oiliúna atá deartha do chásoifigigh, d’oifigigh ghlactha agus do chleachtóirí eile tearmainn i mBallstáit AE, san Iorua agus san Eilvéis (Stáit AE+). Baintear úsáid as Curaclam Oiliúna EASO freisin le haghaidh oiliúint oibríochtúil agus le haghaidh acmhainneacht a mhéadú i dtríú tíortha. Forbraíodh é faoi chuimsiú chreat an Choinbhinsiúin maidir le Dídeanaithe 1951 agus phrótacal 1967 de chuid an Choinbhinsiúin, faoi chuimsiú chreat ionstraimí dlí an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn agus faoi chuimsiú creat gníomhartha reachtacha eile ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, agus tá sé comhdhéanta de roinnt modúl idirghníomhach lena gcumhdaítear réimse iomlán na cosanta idirnáisiúnta.

Tá na modúil idirghníomhacha sin ar fáil i mBéarla agus aistríodh iad chuig a lán teangacha AE agus chuig a lán teangacha nach teangacha AE iad. Is é an toradh atá ar mhodúil Churaclam Oiliúna EASO a aistriú chuig teangacha náisiúnta go n-áirithítear tuilleadh scaipthe agus go gcuirtear ar chumas na n-údarás náisiúnta tearmainn an oiliúint a sholáthar ina dteangacha dúchais, rud a chabhraíonn le spriocphobail tabhairt fúthu. Tá tacaíocht EASO sa réimse seo ar aon dul le raon feidhme Rialachán EASO, ós rud é go gcuireann an t-aistriúchán feabhas ar chur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn (Airteagal 1) agus go gcumasaíonn sé dlúthchomhar le húdaráis tearmainn na mBallstát (Airteagal 2(5)).

Tá na modúil bunaithe ar mhodheolaíocht foghlama cumaisc, lena n-áirítear formáid ríomhfhoghlama agus seisiúin aghaidh ar aghaidh. Glacadh modheolaíocht um oiliúint don oiliúnóir chun tacú le hoiliúnóirí eolas, scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt chun gur féidir leo oiliúint a chur ar phearsanra i riaracháin náisiúnta, agus éifeacht iolraitheora á cruthú dá bharr sin. Is iad saineolaithe inmheánacha, saineolaithe

inneachair na mBallstát agus saineolaithe seachtracha a fhorbraíonn modúil Churaclam Oiliúna EASO agus is iad grúpaí tagartha (a mbíonn baill dhifriúla acu, ag brath ar thopaic an mhodúil lena mbaineann), Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus an Coimisiún Eorpach a athbhreithníonn iad.

# Cé a fhéadfaidh úsáid a bhaint as Curaclam Oiliúna EASO?

Tá Curaclam Oiliúna EASO deartha d'údaráis tearmainn agus ghlactha i Stáit AE+ mar uirlis bhuan tacaíochta agus féadfar é a úsáid freisin i gcomhthéacs na tacaíochta éigeandála nó speisialta a thugtar mar fhreagairt do chásanna nó oibríochtaí sonracha. Baintear úsáid as mar uirlis fothaithe acmhainneachta i gcomhthéacs na gné seachtraí freisin. Féadfaidh aon gheallsealbhóir a oibríonn i réimse na cosanta idirnáisiúnta agus na himirce Curaclam Oiliúna EASO a leanúint.

# Á áirithiú go bhfuil an oiliúint oiriúnach don fheidhm – an Creat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála

I gCuraclam Oiliúna EASO, baintear úsáid as an gCreat Eorpach um Cháilíochtaí Earnála (ESQF) d'Oifigigh Thearmainn agus Ghlactha chun torthaí foghlama a chuid modúl a shainaithint. Is é aidhm ESQF conairí ábhartha oiliúna agus foghlama d'oifigigh thearmainn agus ghlactha a shainaithint ar bhonn a gcuid dualgas agus cúraimí poist. Ag obair dó i gcomhar leis na Ballstáit, rinne EASO léarscáiliú uileghabhálach ar dhualgais agus cúraimí na n-oifigeach tearmainn agus glactha chun caighdeáin ghairme a fhorbairt lena suitear an t-eolas, na scileanna, an fhreagracht agus an féinriar a theastaíonn ó oifigigh thearmainn agus ghlactha chun a gcuid cúraimí a chur i gcrích. Forbraíodh maitrís caighdeán oideachais ansin chun a shonrú cad ba cheart a bheith ar eolas ag oifigigh thearmainn agus ghlactha agus cad ba cheart dóibh bheith in ann a dhéanamh tar éis dóibh an toradh foghlama a thuairiscítear leis an gcaighdeán oideachais a bhaint amach go rathúil. Ní mór na torthaí foghlama sin a bheith ábhartha i ngach cás do na cúraimí a shainaithnítear sna caighdeáin ghairme chomhfhreagracha a chur i gcrích.

# Deimhniú

Tá EASO ag obair chun modúil Churaclam Oiliúna EASO a dheimhniú. Is é an toradh a bheidh air sin ná go n-áiritheofar go gcuirfear oiliúint ar oifigigh thearmainn agus ghlactha ar aon dul le creat reachtach AE agus go mbeidh acu an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a theastaíonn uathu chun a gcuid dualgas a chur i gcrích.

# Aistriú i dtreo leagan níos spriocdhírithe de Churaclam Oiliúna EASO

Chun a áirithiú go mbíonn oiliúint EASO ailínithe le caighdeáin Eorpacha i réimse an ardoideachais agus na gairmoiliúna, tá creat láidir cáilíochta á fhorbairt ag EASO faoi láthair chun comhsheasmhacht a áirithiú agus chun lántacaíocht a thabhairt d'fhoghlaimeoirí le linn a n-eispéiris foghlama ar fad. Is é atá i gceist leis an aistriú sin Curaclam Oiliúna EASO a athstruchtúrú chun modúil níos lú a chruthú, ar modúil iad is féidir a ghrúpáil ansin chun go mbeidh siad in oiriúint do riachtanais shonracha oiliúna agus chun conairí foghlama saincheaptha aonair a éascú.

# Conas aistriúchán a iarraidh ar mhodúl de chuid Churaclam Oiliúna EASO

Eisíonn an Lárionad Oiliúna agus Forbartha Gairmiúla glao oscailte dhá uair sa bhliain, i mí Aibreáin agus i mí Dheireadh Fómhair, chuig na Ballstáit sin ar mhaith leo go n-aistreofaí modúl de chuid Churaclam Oiliúna EASO chuig a dteanga dhúchais.

Déanann coiste inmheánach meastóireacht ar iarrataí ar aistriúchán agus rangaítear iad de réir critéir éagsúla amhail an leagan den mhodúl arna iarraidh, an líon rannpháirtithe in aghaidh an mhodúil ó thaobh mhéid údarás tearmainn an Bhallstáit de, sonraí stairiúla maidir le cur chun feidhme agus úsáid Churaclam Oiliúna EASO, agus an buiséad. Nuair a aistrítear modúl de chuid Churaclam Oiliúna EASO, aistrítear na comhpháirteanna uile agus cuirtear fotheidil le físeáin nó beochaintí (más ann dóibh).

Tógann sé idir sé mhí agus ocht mí ar fad ar EASO na comhpháirteanna uile de mhodúl a aistriú, ag brath ar fhad an mhodúil agus ar cé acu a aistríodh nó nár aistríodh leaganacha roimhe chuig an teanga arna hiarraidh. Tar éis é a aistriú, tógann sé idir ocht seachtaine agus deich seachtaine eile chun an modúl a chur ar fáil ar líne. Déileáiltear le hiarrataí práinneacha ar bhonn cás ar chás.

# Modúil Churaclam Oiliúna EASO



## Croímhodúil do chásoibrithe tearmainn

- Measúnú fianaise
- Cuimsiú
- Teicnící agallaimh

## Modúil ar dhaoine a bhfuil riachtanais speisialta acu

- Agallamh a chur ar dhaoine leochaileacha
- Agallamh a chur ar leanaí
- Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh
- Glacadh daoine leochaileacha: Bloc A
- Glacadh daoine leochaileacha: Bloc B
- Gáinneáil ar dhaoine

## Modúil do spriocphobail shonracha

- Ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn
- Bainistíocht i gcomhthéacs an tearmainn
- Bainistíocht i gcomhthéacs an ghlactha
- Iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú

## Modúl ar mhodhanna teagascacha

- Tús eolais ar mhodhanna teagascacha



## Modúil réamhléiritheacha

- An Comhchóras Eorpach Tearmainn
- Cásanna féideartha Bhaile Átha Cliath a shainaithint
- Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint
- Tús eolais ar chumarsáid do chleachtóirí tearmainn agus glactha
- Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta



## Modúil speisialaithe

- Clásail eisiaimh a chur i bhfeidhm maidir le daoine nár cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt dóibh
- An treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn
- Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn agus faisnéis a sholáthar dóibh
- Faisnéis faoin tír thionscnaimh
- Rialachán Bhaile Átha Cliath III
- Deireadh le cosaint
- Cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta in AE
- Cuimsiú – ardmhodúl
- Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh
- Glacadh
- Athshocrú



# Clásail eisiaimh a chur i bhfeidhm maidir le daoine nár cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt dóibh



| **Príomh-spriocghrúpa** | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Sainaithint a dhéanamh ar na creataí dlíthiúla ábhartha is infheidhme maidir le heisiamh ó chosaint idirnáisiúnta.<br>• Cinneadh a dhéanamh ar na gnéithe arb ionann iad agus clásail eisiaimh i gcomhthéacs na cosanta dídeanaithe agus na cosanta coimhdí.<br>• Na fíorais ábhartha agus an fhianaise ábhartha a shuí i gcomhthéacs na bhforálacha dlíthiúla is infheidhme maidir le cásanna féideartha eisiaimh. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar chur i bhfeidhm Airteagal 1F den Choinbhinsiún maidir le Dídeanaithe 1951 agus Airteagal 12(2) agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilitheacht, agus léirítear ann na forbairtí is déanaí sa réimse chun an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn a thabhairt ar bhealach níos fearr do chásoifigigh thearmainn chun gur féidir leo measúnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm féideartha na gclásal eisiaimh sin laistigh de nósanna imeachta maidir le hincháilitheacht le haghaidh cosaint idirnáisiúnta a chinneadh. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin. Beidh sé ar fáil ar líne i nGearmáinis, i bPolainnis agus i Slóivéinis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla, i nGearmáinis agus i Slóivéinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 20–25 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá go leith i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl seo mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# An treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn



| Príomh-spriocghrúpa | *Cásoifigigh thearmainn agus oifigigh bheartais* |
|---|---|
| **Torthaí foghlama** | • Míniú a dhéanamh ar an gcomhthéacs inar glacadh an treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn agus ar raon feidhme, nósanna imeachta agus cuspóirí na treorach<br>• Na húdaráis éagsúla lena mbaineann agus ról na n-údarás sin a shainaithint agus idirdhealú a dhéanamh eatarthu.<br>• Forálacha na treorach maidir le nósanna imeachta tearmainn a chur i bhfeidhm maidir le gach iarratasóir, lena n-áirítear iad sin a bhfuil riachtanais dhifriúla acu. |
| **Forbhreathnú ar an modúl** | Agus díriú á leagan ar an treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn, tugtar forbhreathnú sa mhodúl seo ar an bpróiseas tearmainn ina iomláine, lena n-áirítear rochtain ar chosaint idirnáisiúnta agus an nós imeachta le haghaidh achomharc a dhéanamh in aghaidh cinneadh diúltach. Mionsonraítear ann saincheisteanna amhail rochtain ar nósanna imeachta, ráthaíochtaí agus oibleagáidí nós imeachta, inghlacthacht, an ceart chun cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil a fháil, an t-agallamh pearsanta, cinnteoireacht, leigheasanna éifeachtacha agus nósanna imeachta speisialta. Is é aidhm an mhodúil seo díriú ar na gnéithe difriúla a rialáiltear leis an treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn. B'fhearr go mbeadh an modúl dar teideal 'Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta' curtha i gcrích ag rannphláirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| **Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin freisin. |
| **Modh soláthair agus fad** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25–30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá amháin i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| **Leagan** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2016. |
| **Cad atá i ndán don mhodúl seo?** | Tá an modúl seo á athstruchtúrú. Cuirtear cuid den mhodúl ar áireamh sa mhodúl nua dar teideal 'Tús eolais ar an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint idirnáisiúnta in AE'. |

# An Comhchóras Eorpach Tearmainn




| **Príomh-spriocghrúpa** | *Cleachtóirí tearmainn agus glactha* |
|---|---|
| **Torthaí foghlama** | • Míniú a dhéanamh ar na cuspóirí agus na luachanna a bhí taobh thiar den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a fhorbairt.<br>• Tagairt a dhéanamh do na hionstraimí dlí ábhartha, don chásdlí ábhartha, do na huirlisí ábhartha agus do na hacmhainní ábhartha trína gcuirtear an Comhchóras Eorpach Tearmainn chun feidhme.<br>• Míniú a dhéanamh ar an ngá atá leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn a athchóiriú. |
| **Forbhreathnú ar an modúl** | Tugtar forbhreathnú sa mhodúl seo ar conas a forbraíodh an Comhchóras Eorpach Tearmainn agus ar na hathruithe atá tagtha air thar na blianta agus pléitear ann na dearcthaí difriúla i leith fhorbairt an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn sa todhchaí. Iniúchtar ann na cuspóirí a bhí taobh thiar den Chomhchóras Eorpach Tearmainn a bhunú agus conas a úsáideadh na cuspóirí sin chun cur chun feidhme an Chomhchórais Eorpaigh Tearmainn a threorú. Scrúdaítear sa mhodúl na hionstraimí dlí ábhartha, an cásdlí ábhartha, na huirlisí ábhartha agus na hacmhainní ábhartha a mbaintear leas astu le linn gnáthobair tearmainn. Is é aidhm an mhodúil seo feasacht ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn a mhéadú i measc cleachtóirí tearmainn agus príomhghníomhaithe agus forbairt comhthuisceana ar an gComhchóras Eorpach Tearmainn ina measc a chumasú le linn é a chur chun feidhme. |
| **Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin freisin. |
| **Modh soláthair agus fad** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25 huair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| **Leagan** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |
| **Cad atá i ndán don mhodúl seo?** | Tá an modúl seo á athstruchtúrú. Cuirtear cuid den mhodúl ar áireamh sa mhodúl nua dar teideal 'Tús eolais ar an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint idirnáisiúnta in AE'. |

# Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn agus faisnéis a sholáthar dóibh



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Oifigigh thearmainn agus ghlactha* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Aitheantas a thabhairt do na gnéithe den dualgas atá ar na Ballstáit eolas a thabhairt, agus don cheart atá ag iarratasóirí chun eolas a fháil, a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí EASO.<br>• Riachtanais faisnéise a shainaithint, agus an éagsúlacht chultúrtha agus samhlacha comhroinnte faisnéise á gcur san áireamh.<br>• Teachtaireachtaí inrochtana a oiriúnú agus iad a scaipeadh trí chainéil iomchuí. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Tugtar breac-chuntas sa mhodúl seo ar na scileanna a theastaíonn chun straitéisí cumarsáide traschultúrtha a dhearadh, a phleanáil agus a chur chun feidhme. Pléitear ann freisin na riachtanais faisnéise atá ag spriocghrúpaí difriúla i gcomhthéacsanna oibríochtúla difriúla, rud lena gcuirtear ar chumas rannpháirtithe teachtaireachtaí atá éifeachtach agus atá íogair ó thaobh an chultúir de a dhearadh agus a scaipeadh, agus iad ag obair i dtimpeallachtaí oibríochtúla dúshlánacha go minic. Is é aidhm na hoiliúna seo cur ar chumas cleachtóirí measúnú a dhéanamh ar na riachtanais faisnéise atá ag daoine a bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu, ag iarratasóirí ar thearmann agus ag tairbhithe féideartha cosanta idirnáisiúnta. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla agus in Iodáilis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus in Iodáilis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an oiliúint seo trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá go leith.<br>In imthosca eisceachtúla, d’fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |

# Faisnéis faoin tír thionscnaimh



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Taighdeoirí ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Faisnéis atá ábhartha, cruinn agus cothromaithe a aimsiú faoi thíortha tionscnaimh, agus leas á bhaint as foinsí iontaofa.<br>• An fhaisnéis a chur i láthair ar bhealach trédhearcach inrianaithe.<br>• Athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar tháirge i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Tugtar breac-chuntas sa mhodúl seo ar an ról atá ag faisnéis faoin tír thionscnaimh i nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta. Tugtar forbhreathnú ann ar conas ceisteanna faoi fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a fhorbairt ó chás ar leith agus ar conas foinsí agus faisnéis a roghnú, a mheasúnú agus a bhailíochtú. Tugtar forbhreathnú ann freisin ar scileanna praiticiúla taighde le haghaidh topaicí a bhaineann le faisnéis faoin tír thionscnaimh. Pléitear sa mhodúl seo freisin leis an dóigh is fearr chun taighde ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a chur i láthair, chun ceisteanna faoi fhaisnéis faoin tír thionscnaimh a dhréachtú agus chun athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar tháirgí i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh. Is é aidhm an mhodúil seo taighdeoirí ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus cásoifigigh thearmainn a chumhachtú caighdeáin cháilíochta a bhaint amach i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh, rud atá ríthábhachtach maidir le faisnéis ardcháilíochta a áirithiú faoi thíortha tionscnaimh. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGearmáinis.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 20 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, athmhúnlófar an modúl seo ina roinnt modúl a bhainfidh le prionsabail agus caighdeáin cháilíochta i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh, le táirgí i réimse na faisnéise faoin tír thionscnaimh a dhréachtú, le hagallamh a chur ar fhoinsí, le faisnéis faoin tír thionscnaimh le haghaidh cásanna casta, agus le misin aimsithe fíoras a eagrú agus a sheoladh. |

# Rialachán Bhaile Átha Cliath III



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Oifigigh a oibríonn in Aonad Bhaile Átha Cliath* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • An Ballstát freagrach a chinneadh trí úsáid a bhaint as na critéir freagrachta agus na rialacha nós imeachta agus trí úsáid a bhaint as na huirlisí a leagtar amach i Rialachán Bhaile Átha Cliath agus ina rialachán cur chun feidhme.<br>• Aithint a dhéanamh ar chásanna nach mór maolú ar chur i bhfeidhm meicniúil Rialachán Bhaile Átha Cliath a bhreithniú iontu agus breac-chuntas a thabhairt ar réiteach réasúnaithe ar an gcás. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar fheidhm bhunúsach agus raon feidhme chóras Bhaile Átha Cliath agus ar rialacha agus nósanna imeachta an chórais. Sa mhodúl seo, cabhraítear le foghlaimeoirí eolas a chur ar chóras Eurodac (is é Eurodac bunachar sonraí méarlorg AE i réimse an tearmainn) agus ar líonra leictreonach DubliNet. Is é aidhm an mhodúil seo cur ar chumas na rannpháirtithe gnóthú a dhéanamh ar na scileanna agus an t-eolas a theastaíonn chun Rialachán Bhaile Átha Cliath III a chur i bhfeidhm ar aon dul le *acquis* tearmainn AE agus ar bhealach ina n-urramaítear ionstraimí dlí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine ina n-iomláine. B’fhearr go mbeadh na modúil dar teideal ‘An Comhchóras Eorpach Tearmainn’ agus ‘Cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta in AE’ curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i Seicis, i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, i Rómáinis agus i Slóivéinis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 20 uair an chloig agus 25 huair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d’fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2016. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Tá sé beartaithe an chéad uasghrádú eile a dhéanamh tar éis ghlacadh Rialachán Bhaile Átha Cliath IV. |

# Deireadh le cosaint



| *Príomh-spriocghrúpa* | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| *Torthaí foghlama* | • Sainaithint a dhéanamh, trí mheasúnuithe aonair, ar na forais le cosaint idirnáisiúnta a tharraingt siar.<br>• Cur i bhfeidhm a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla ábhartha agus na nósanna imeachta dlíthiúla ábhartha a bhaineann le deireadh le cosaint. |
| *Forbhreathnú ar an modúl* | Sa mhodúl seo, tugtar deis do chásoifigigh speisialtóireacht a dhéanamh i gcur i bhfeidhm a dhéanamh ar na forálacha dlíthiúla ábhartha agus na coimircí nós imeachta ábhartha a bhaineann le deireadh le cosaint. Foghlaimeoidh rannpháirtithe freisin conas léiriú a dhéanamh ar na coinníollacha is cúis le deireadh le cosaint, mar a leagtar síos sa Treoir maidir le Cáilitheacht. Ar chríochnú an mhodúil seo dóibh, beidh ag rannpháirtithe an t-eolas teoiriciúil agus praiticiúil a theastaíonn chun cinneadh a ullmhú agus a scríobh ar an topaic seo. |
| *Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu* | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis agus i Rómáinis. Beidh sé ar fáil ar líne i bPolainnis agus i Slóvaicis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin. |
| *Modh soláthair agus fad* | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 20 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá go leith i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| *Leagan* | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2018. |
| *Cad atá i ndán don mhodúl seo?* | Uasghrádófar an modúl seo mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Measúnú fianaise



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Sainaithint a dhéanamh ar na fíorais ábhartha atá i gceist le héileamh a bhaineann leis na critéir incháilitheachta le haghaidh cosaint idirnáisiúnta.<br>• Creidiúnacht na bhfíoras ábhartha atá i gceist le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta a dhéanamh amach ar bhealach struchtúrtha.<br>• Tionchar aon nithe saofa a mhaolú agus creidiúnacht na bhfíoras ábhartha á measúnú.<br>• An riosca todhchaí-dhírithe a dhéanamh amach ar bhonn na bhfíoras ábhartha atá i gceist le hiarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus a bhfuil glacadh leo. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Iniúchtar sa mhodúl seo conas a shuitear na fíorais ábhartha atá i gceist le cás trí na píosaí fianaise atá ar fáil a bhailiú, a scrúdú agus a chur i gcomparáid lena chéile. Tugtar breac-chuntas ann ar na gnéithe teoiriciúla agus an reachtaíocht ábhartha ón taobh praiticiúil de. Is é aidhm an mhodúil seo breac-chuntas a thabhairt ar an eolas, na scileanna agus na tréithe a theastaíonn chun cur chuige struchtúrtha a ghlacadh i leith measúnú fianaise chun go laghdófar an riosca go dtiocfaidh suibiachtúlacht chun cinn i gcásanna aonair. I dteannta an dá chroímhodúl eile sa réimse seo ('Teicnící agallaimh' agus 'Cuimsiú'), leagtar sa mhodúl seo an bhonnsraith le haghaidh an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí a theastaíonn chun na cúraimí atá ar cháshoifigeach a chur i gcrích. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin. Beidh sé ar fáil ar líne i dteangacha eile AE i gceann roinnt bheag míonna.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 20 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta in AE



| *Príomh-spriocghrúpa* | *Cleachtóirí tearmainn agus glactha* |
|---|---|
| *Torthaí foghlama* | • Tuairisc a thabhairt ar na príomhionstraimí idirnáisiúnta agus Eorpacha maidir le cearta bunúsacha agus ar phrionsabail i gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta in AE, agus díriú ar leith á leagan ar Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (Cairt AE).<br>• Míniú a dhéanamh ar ábharthacht phraiticiúil Chairt AE agus ar an mbaint atá aici le hionstraimí eile maidir le cearta an duine.<br>• Prionsabail agus ionstraimí na gceart bunúsach agus na cosanta idirnáisiúnta a chur i bhfeidhm i dtaca le rochtain ar an gcríoch, leis an nós imeachta tearmainn, le hinneachar na cosanta idirnáisiúnta agus leis an bhfilleadh.<br>• Cairt AE a chur i bhfeidhm maidir le daoine ar féidir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu agus maidir le daoine atá ag dul trí nósanna imeachta um fhilleadh. |
| *Forbhreathnú ar an modúl* | Tugtar forbhreathnú sa mhodúl seo ar chearta bunúsacha i gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta trí dhíriú ar Chairt AE. Mínítear ann na forálacha ábhartha de Chairt AE i gcomhthéacs na bpróiseas tearmainn agus glactha ón taobh dlíthiúil de agus ón taobh praiticiúil de trí iniúchadh a dhéanamh ar fhorbairtí le déanaí, amhail iad sin ar tugadh aghaidh orthu le dlí-eolaíocht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. B'fhearr go mbeadh an modúl dar teideal 'Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta' curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| *Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu* | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGearmáinis. Beidh sé ar fáil ar líne i bPolainnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin. |
| *Modh soláthair agus fad* | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25 huair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| *Leagan* | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2016. |
| *Cad atá i ndán don mhodúl seo?* | Uasghrádófar an modúl mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh



| *Príomh-spriocghrúpa* | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| *Torthaí foghlama* | • Tosca inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonta a shainaithint nuair a phróiseáiltear éileamh ar chosaint idirnáisiúnta.<br>• Míniú a dhéanamh ar conas a dhéanann eispéiris a bhaineann le hinscne, le féiniúlacht inscne agus le gnéaschlaonadh, agus dearcthaí ina leith, difear don dóigh a bpróiseáiltear éilimh ar chosaint idirnáisiúnta.<br>• Cur chuige iomchuí a ghlacadh i leith inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonta nuair a phróiseáiltear éileamh ar chosaint idirnáisiúnta. |
| *Forbhreathnú ar an modúl* | Tugtar forbhreathnú sa mhodúl seo ar na noirm a bhaineann le hinscne, le féiniúlacht inscne agus le gnéaschlaonadh agus iniúchtar ann conas a dhéanann na noirm sin difear do chásoifigigh agus d'iarratasóirí nuair a dhéantar measúnú ar chásanna le haghaidh cosaint idirnáisiúnta. Pléitear ann na sáruithe ar chearta an duine agus an creat dlíthiúil chun cur ar chumas cleachtóirí measúnú fianaise a dhéanamh ina mbreithnítear go cuí na mionsonraí atá i gceist le héilimh lena mbaineann inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh. Is é aidhm an mhodúil seo cur chuige praiticiúil a sholáthar ar an dóigh is fearr chun agallamh a sheoladh, ar cur chuige é lena dtacaítear le saincheisteanna a bhaineann le hinscne, le féiniúlacht inscne agus le gnéaschlaonadh a nochtadh. B'fhearr go mbeadh na modúil dar teideal 'Cuimsiú', 'Teicnící agallaimh' agus 'Measúnú fianaise' curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| *Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu* | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i bhFionlainnis, i nGearmáinis, i Rúisis, i Slóvaicis agus i Slóivéinis. Beidh sé ar fáil ar líne i bhFraincis agus i bPolainnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| *Modh soláthair agus fad* | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| *Leagan* | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2015. |
| *Cad atá i ndán don mhodúl seo?* | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, cuirfear inneachar an mhodúil seo ar áireamh sna modúil seo a leanas: 'Íospartaigh an fhoréigin inscebhunaithe', 'Iarratasóirí a bhfuil tréithe ilchineálacha gnéaschlaonta, féiniúlacht inscne agus léiriú inscne nó gnéis acu', 'Cuimsiú – ardmhodúl' agus 'Bainistiú a dhéanamh ar chásanna iarratasóirí a bhfuil tréithe ilchineálacha gnéaschlaonta, féiniúlacht inscne agus léiriú inscne nó gnéis acu'. |

# Cásanna féideartha Bhaile Átha Cliath a shainaithint



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Oifigigh chlárúcháin, cásoibrithe agus oifigigh ghlactha* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Breac-chuntas a thabhairt ar na critéir freagrachta agus na príomhchéimeanna de nós imeachta Bhaile Átha Cliath faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus faoi na forálacha ábhartha de Rialachán Eurodac agus den Rialachán maidir leis an gCóras Faisnéise Víosaí.<br>• Táscairí a shainaithint ar bhonn na gcritéar freagrachta faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III.<br>• Teicnící cumarsáide a úsáid chun fianaise a bhailiú agus faisnéis a sholáthar faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath III, ar aon dul le treoirlínte ó EASO.<br>• A chinneadh cé acu ba cheart nó nár cheart cás a tharchur chuig Aonad Bhaile Átha Cliath agus, dá mba cheart, a chinneadh cén fhaisnéis ba cheart a chur ar áireamh ann. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar thuiscint a ghnóthú ar Rialachán Bhaile Átha Cliath III agus ar na gníomhaithe a bhfuil baint acu leis an nós imeachta tearmainn go ginearálta, gan mionsonraí beachta agus mionsonraí teicniúla chóras Bhaile Átha Cliath a iniúchadh. Spriocdhírítear ann ar na húdaráis náisiúnta a bhfuil baint acu le nósanna imeachta Bhaile Átha Cliath ó thaobh cleachtóirí difriúla de, amhail oifigigh chlárúcháin, cásoifigigh, oifigigh ghlactha agus oifigigh thearmainn a bhfuil baint acu le faisnéis a sholáthar (e.g. ag pointí díbhordála) agus ó thaobh na n-údarás áitiúil a dhéileálann le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta de. Is é aidhm an mhodúil seo eolas agus scileanna a thabhairt do rannpháirtithe chun cabhrú leo sainaithint a dhéanamh ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta a d'fhéadfadh teacht faoi nós imeachta Bhaile Átha Cliath agus cásanna na ndaoine sin a tharchur chuig an údarás inniúil, arb é Aonad Bhaile Átha Cliath é. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla agus in Iodáilis. Beidh sé ar fáil ar líne i nGearmáinis agus i Rómáinis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla, i nGearmáinis agus in Iodáilis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 10 n-uair an chloig agus 15 huair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá amháin i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl seo mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn, oifigigh ghlactha agus cásoifigigh Bhaile Átha Cliath* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Míniú a dhéanamh ar an ról a chomhlíonann sainaithint sa phróiseas eisiaimh agus ar an réasúnaíocht agus na cuspóirí atá taobh thiar d'eisiamh ó chosaint idirnáisiúnta.<br>• Gníomhaíochtaí ineisiata agus gníomhaithe féideartha a shainaithint i gcomhthéacs na nósanna imeachta cosanta idirnáisiúnta.<br>• Aithint a dhéanamh ar an bhfaisnéis ábhartha lena spreagtar tuilleadh scrúdaithe in aghaidh clásail eisiaimh. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Pléitear sa mhodúl seo le cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint i gcomhthéacs Airteagal 1F den Choinbhinsiún maidir le Dídeanaithe 1951 agus i gcomhthéacs Airteagal 12(2) agus Airteagal 17 den Treoir maidir le Cáilitheacht. Dírítear go sonrach ann ar chásanna ina bhféadfaí a mheas nár cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt do dhuine. Is é aidhm an mhodúil seo oifigigh a oibríonn ar nósanna imeachta tearmainn a chur ar an eolas faoi na cineálacha difriúla cásanna ó thíortha difriúla. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin. Beidh sé ar fáil ar líne i nGearmáinis agus i bPolainnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 10 n-uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá amháin i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl seo mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Cuimsiú



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • A shainaithint cé na daoine ba cheart a chur ar áireamh sa phróiseas tearmainn.<br>• Anailís a dhéanamh ar chás an iarratasóra chun a chinneadh cén cineál stádais chosanta ba cheart a thabhairt.<br>• An cinneadh a mhíniú, agus tagairt á déanamh don dlí agus don chleachtas ábhartha. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Tugtar sa mhodúl seo forbhreathnú ar léiriú agus cur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin maidir le Dídeanaithe 1951 agus ar an mbaint atá aige le Treoir AE maidir le Cáilitheacht. Leagtar sa mhodúl seo an bhonnsraith le haghaidh an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí a theastaíonn chun na cúraimí atá ar chásoifigeach a chur i gcrích trí bhreac-chuntas a thabhairt ar an sainmhíniú ar ‘dídeanaí’, ar na forais le cosaint choimhdeach agus ar ghéarleanúint i ndáil leis an Lámhleabhar ó Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus i ndáil leis an Treoir maidir le Cáilitheacht. Cumhdaítear sa mhodúl seo an nasc idir géarleanúint (eagla a bhfuil bonn maith léi) agus forais an choinbhinsiúin (i.e. cine, creideamh, náisiúntacht, tuairim pholaitiúil agus ballraíocht de ghrúpa sóisialta ar leith), prionsabal an *non-refoulement* agus gnéithe eile atá tábhachtach do cháilitheacht mar dhídeanaí nó mar thairbhí cosanta coimhdí. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne in Albáinis, in Araibis, i mBulgáiris, i gCróitis, i Seicis, i nDanmhairgis, in Ollainnis, i mBéarla, in Eastóinis, i bhFionlainnis, i bhFraincis, i Seoirsis, i nGearmáinis, i nGréigis, in Ungáiris, in Iodáilis, i Laitvis, i Liotuáinis, i Macadóinis, in Ioruais, i bPolainnis, i bPortaingéilis, i Rómáinis, i Rúisis, i Slóvaicis, i Slóivéinis, i Spáinnis agus i dTuircis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d’fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2013. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl mar chuid d’athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Cuimsiú – ardmhodúl



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Measúnú criticiúil a dhéanamh ar obair i gcomhthéacs na gcleachtas agus na dlí-eolaíochta a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn sna Ballstáit dhifriúla.<br>• Tátail a bhaintear as an dlí-eolaíocht Eorpach a chur i bhfeidhm, go háirithe iad sin a bhaintear as cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus as cásdlí na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine.<br>• Aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna léiritheacha a bhaineann le cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta ar aon dul leis an modh a úsáideann an Chúirt Bhreithiúnais chun dlí AE a léiriú in éagmais treoir dhíreach ón gCúirt Bhreithiúnais.<br>• Treoir struchtúrtha mhionsonraithe a sholáthar maidir le saincheisteanna casta léiritheacha a bhaineann le cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar na gnéithe is casta de cháilitheacht do chosaint idirnáisiúnta, a mhéid a bhaineann le gníomhartha géarleanúna, leis na cúiseanna le géarleanúint, le dochar tromchúiseach (cosaint choimhdeach) agus le cosaint ar ghéarleanúint nó ar dhochar tromchúiseach. Déantar measúnú criticiúil ann ar an obair a dhéanann cásoifigigh thearmainn i gcomhthéacs an chleachtais agus na dlí-eolaíochta náisiúnta a bhaineann leis an gComhchóras Eorpach Tearmainn, agus na tátail a baineadh as obair na Cúirte Breithiúnais agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine á gcur i bhfeidhm an tráth céanna. Sa mhodúl seo, teagasctar do na rannpháirtithe modh le haghaidh dlí AE agus an dlí um chosaint idirnáisiúnta a léiriú in éagmais treoir ón gCúirt Bhreithiúnais agus iad ag déileáil le saincheisteanna casta léiritheacha a bhaineann le cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta. Is é aidhm an mhodúil seo treoir struchtúrtha mhionsonraithe a sholáthar do chásoibrithe tearmainn maidir le saincheisteanna casta léiritheacha a bhaineann le cáilitheacht do chosaint idirnáisiúnta. Ós rud é gurb ionann an modúl seo agus ceann leantach ar an modúl dar teideal 'Cuimsiú', b'fhearr go mbeadh an modúl sin curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i nGearmáinis agus i Rúisis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2017. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl mar chuid d'athstruchtúrú churaclam oiliúna EASO. |

# Ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn



| **Príomh-spriocghrúpa** | *Ateangairí a oibríonn i gcomhthéacs an tearmainn* |
|---|---|
| **Torthaí foghlama** | • Tuairisc a thabhairt ar an gcomhthéacs agus na nósanna imeachta ginearálta i réimse an tearmainn agus iad a mhíniú.<br>• Míniú a dhéanamh ar ról an ateangaire i dtéarmaí ginearálta agus sa nós imeachta tearmainn go háirithe.<br>• Prionsabail na hateangaireachta agus na scileanna a theastaíonn chun ateangaireacht a dhéanamh a chur i bhfeidhm i dtéarmaí ginearálta agus i gcomhthéacs an tearmainn. |
| **Forbhreathnú ar an modúl** | Tugtar sa mhodúl seo forbhreathnú ginearálta ar chomhthéacs an tearmainn ó thaobh ateangairí de agus ar na príomhtheicnící ateangaireachta a theastaíonn i bpróisis tearmainn. Ar mhaithe le freastal ar riachtanais dhifriúla foghlama, cabhraítear sa mhodúl seo le foghlaimeoirí gnóthú a dhéanamh ar an eolas agus na scileanna a theastaíonn chun a sannacháin a chur i gcrích ar bhealach gairmiúil éifeachtúil agus i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta. Spriocdhírítear sa mhodúl seo ar ateangairí a bhfuil leibhéil dhifriúla taithí agus cúlraí difriúla gairme acu (e.g. ateangairí a oibríonn do riaracháin náisiúnta nó d'eagraíochtaí idirnáisiúnta nó AE, mar aon le saor-ateangairí). |
| **Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i nGearmáinis, in Iodáilis, i Rúisis agus i Slóivéinis. Beidh sé ar fáil ar líne i gCróitis, in Ollainnis agus i bhFraincis i gceann roinnt bheag míonna. |
| **Modh soláthair agus fad** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 20 uair an chloig. Tá an oiliúint deartha mar mhodúl ríomhfhoghlama féinstaidéir. |
| **Leagan** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2018. |
| **Cad atá i ndán don mhodúl seo?** | Uasghrádófar an modúl seo mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Agallamh a chur ar leanaí



| | |
|---|---|
| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn a chuireann agallamh ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar leanaí iad* |
| ***Torthaí foghlama*** | • Agallamh éifeachtach a chur ar leanbh i gcomhthéacs na cosanta idirnáisiúnta, agus leas an linbh á urramú an tráth céanna.<br>• An t-agallamh a oiriúnú d'aibíocht agus staid an linbh. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar chéimeanna forbartha na leanaí, ar na coimircí dlíthiúla agus nós imeachta atá i bhfeidhm do leanaí sa phróiseas cosanta idirnáisiúnta agus ar theicnící agallaimh atá sonrach don leanbh. Agus é dírithe ar leas an linbh, mínítear sa mhodúl seo conas aibíocht an linbh a mheasúnú roimh an agallamh agus lena linn chun an t-agallamh a oiriúnú d'aibíocht agus staid gach linbh. Is é an aidhm atá leis an t-eolas, na scileanna agus na dearcthaí a theastaíonn ó chásoifigigh thearmainn a thabhairt dóibh chun gur féidir leo agallamh pearsanta atá gairmiúil agus éifeachtach a chur ar leanbh. B'fhearr go mbeadh an modúl dar teideal 'Teicnící agallaimh' curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i Rúisis, i Slóvaicis agus i Slóivéinis. Beidh sé ar fáil ar líne i nGearmáinis agus i bPolainnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2018. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, úsáidfear inneachar an mhodúil seo chun na modúil nua dar teideal 'Leanaí sa phróiseas tearmainn' agus 'Bainistiú a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le leanaí' a chruthú. |

# Agallamh a chur ar dhaoine leochaileacha



| | |
|---|---|
| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn* |
| ***Torthaí foghlama*** | • Agallamh a chur ar dhuine leochaileach, agus aird á tabhairt ar na comhthéacsanna dlíthiúla, nós imeachta agus sóisialta a dhéanann difear don iarratasóir.<br>• Sainaithint a dhéanamh ar riachtanais speisialta nós imeachta agus ar an éifeacht a d'fhéadfadh a bheith acu ar an iarratas ar chosaint idirnáisiúnta.<br>• Cur chuige iomchuí a ghlacadh i leith dáimh a chothú agus i leith nochtadh a éascú ó iarratasóir leochaileach. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar an gcreat dlíthiúil agus ar an sainmhíniú ar 'leochaileacht' i gcomhthéacs an nós imeachta cosanta idirnáisiúnta. Tugtar aghaidh ann ar noirm an iarratasóra agus ar conas a d'fhéadfaí an creat normatach a úsáid chun sainaithint a dhéanamh ar na leochaileachtaí is coitianta agus ar na tosca a chuireann bac ar nochtadh le linn agallamh a chur ar iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta. Áirítear leis an modúl seo cás-staidéir ar staideanna deacra agallaimh a bhaineann le hiarratasóirí leochaileacha agus ar conas is féidir le duine aire a thabhairt dó/di féin tar éis agallamh den sórt sin. Is é an aidhm atá leis cásoifigigh thearmainn a ullmhú chun an oiread faisnéise iontaofa agus is féidir a fháil le linn dóibh agallamh a chur ar dhaoine leochaileacha, chun gníomhaíocht leantach ghairmiúil a dhéanamh ar an agallamh, chun iarratasóir a bhfuil riachtanais speisialta aige/aici a choimirciú agus chun an cás a ullmhú do na chéad chéimeanna eile den phróiseas. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i nGearmáinis, i bPortaingéilis, i Rúisis, i Slóvaicis agus i dTuircis. Beidh sé ar fáil ar líne i nGréigis agus i Macadóinis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2018. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, úsáidfear inneachar an mhodúil seo sna modúil dar teideal 'Tús eolais ar leochaileacht', 'Íospartaigh na céastóireachta agus an fhoréigin' agus 'Ardagallóireacht'. |

# Teicnící agallaimh



| **Príomh-spriocghrúpa** | *Cásoifigigh thearmainn* |
|---|---|
| **Torthaí foghlama** | • Agallamh éifeachtach a chur ar iarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta.<br>• Dearcadh gairmiúil a léiriú le linn an agallaimh. |
| **Forbhreathnú ar an modúl** | Leagtar sa mhodúl seo an bhonnsraith le haghaidh an eolais, na scileanna agus na n-inniúlachtaí a theastaíonn chun na cúraimí atá ar chásoifigeach a chur i gcrích. Dírítear ann ar an Modh Agallaimh Thearmainn – an prótacal agallaimh struchtúrtha a chuir EASO chun tosaigh le haghaidh an t-agallamh pearsanta a sheoladh – agus cuirtear ann leis an taighde agus na heispéiris a bhaineann le prótacail agallaimh struchtúrtha i bhfearainn eile, amhail síceolaíocht, dlí agus staidéar sóisialta, trí na prótacail sin a oiriúnú do shaintréithe sonracha an agallaimh phearsanta agus an nós imeachta tearmainn. Is é aidhm an mhodúil seo a theagasc do chleachtóirí conas an Modh Agallaimh Thearmainn a úsáid chun faisnéis dhóthanach, ábhartha agus iontaofa a bhailiú chun iarratas a mheasúnú. |
| **Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne in Albáinis, i mBulgáiris, i gCróitis, i Seicis, i nDanmhairgis, in Ollainnis, i mBéarla, in Eastóinis, i bhFionlainnis, i bhFraincis, i nGearmáinis, i nGréigis, in Ungáiris, in Iodáilis, i Laitvis, i Liotuáinis, i Macadóinis, in Ioruais, i bPolainnis, i bPortaingéilis, i Rómáinis, i Slóvaicis, i Slóivéinis, i Spáinnis agus i dTuircis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| **Modh soláthair agus fad** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 25 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| **Leagan** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |
| **Cad atá i ndán don mhodúl seo?** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, úsáidfear inneachar an mhodúil seo chun na modúil nua dar teideal 'Modh agallaimh thearmainn', 'Tús eolais ar leochaileacht' agus 'Ardagallóireacht' a chruthú. |

# Tús eolais ar mhodhanna teagascacha



| **Príomh-spriocghrúpa** | *Oiliúnóirí amach anseo mhodúil oiliúna EASO* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Rannpháirtithe a threorú go héifeachtúil tríd an gcéim ríomhfhoghlama de mhodúl de chuid EASO.<br>• An seisiún aghaidh ar aghaidh de mhodúl de chuid EASO a ullmhú go héifeachtúil.<br>• Sainaithint a dhéanamh ar straitéisí chun déileáil leis na dúshláin dhifriúla a d'fhéadfadh teacht roimh oiliúnóirí.<br>• An seisiún aghaidh ar aghaidh de mhodúl de chuid EASO a sholáthar. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar an dóigh is fearr chun oiliúint a ullmhú bunaithe ar ábhar EASO. Tugtar breac-chuntas ann ar conas inneachar a oiriúnú do spriocphobail shonracha náisiúnta agus ar mhodhanna cuí le haghaidh dul i ngleic leis na dúshláin shonracha a thagann roimh oiliúnóirí le linn dóibh oiliúint a sholáthar. Is é aidhm an mhodúil seo rannpháirtithe a ullmhú chun a bheith ina n-oiliúnóirí náisiúnta trí úsáid a bhaint as modúil EASO. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, in Iodáilis, i Rúisis agus i dTuircis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus in Iodáilis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 7 n-uair an chloig agus 12 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá go leith i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2016. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta



| **Príomh-spriocghrúpa** | *Cleachtóirí tearmainn agus glactha* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Tuiscint a ghnóthú ar an tábhacht a bhaineann leis an gceart chun tearmainn agus le prionsabal an *non-refoulement*.<br>• Míniú a dhéanamh ar choincheap na cosanta idirnáisiúnta a dhíorthaítear ó *acquis* AE.<br>• Míniú a dhéanamh ar na príomhchéimeanna den nós imeachta tearmainn agus ar ról an oifigigh thearmainn laistigh den nós imeachta sin.<br>• Buntuiscint a léiriú ar na critéir incháilitheachta agus ar an measúnú fianaise. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Tugtar sa mhodúl seo forbhreathnú ginearálta ar chosaint idirnáisiúnta, ar na príomhionstraimí dlí a bhaineann le tearmann, ar an bpríomhthéarmaíocht agus ar na príomhchéimeanna den phróiseas tearmainn. Mínítear ann an ceart chun tearmainn, prionsabal an *non-refoulement*, coincheap na cosanta idirnáisiúnta agus na príomhchéimeanna den nós imeachta tearmainn. Is é aidhm an mhodúil seo tús eolais a thabhairt do chleachtóirí tearmainn agus glactha ar réimse na cosanta idirnáisiúnta. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla agus i bPolainnis. Beidh sé ar fáil ar líne i nGearmáinis agus i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 8 n-uair an chloig agus 10 n-uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá amháin i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2016. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Déanfar an modúl seo a athstruchtúrú. Tá cuid den mhodúl le cur ar áireamh sa mhodúl nua dar teideal 'Tús eolais ar an gcreat dlíthiúil maidir le cosaint idirnáisiúnta in AE'. |

# Bainistíocht i gcomhthéacs an tearmainn



| | |
|---|---|
| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Bainisteoirí i gcomhthéacs an tearmainn* |
| ***Torthaí foghlama*** | • Teoiricí, scileanna agus uirlisí ceannaireachta agus bainistíochta a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs na bainistíochta tearmainn. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Cumhdaítear sa mhodúl seo na gnéithe éagsúla de na gnáthdhualgais laethúla a bhíonn ar bhainisteoir a oibríonn i réimse na cosanta idirnáisiúnta. Agus eolas teoiriciúil agus eolas praiticiúil araon á gcumhdach ann, is é an aidhm atá leis an modúl cur ar chumas oiliúnaithe inniúlachtaí a fhorbairt a chabhróidh leo a áirithiú go mbainfidh a roinn dea-chaighdeáin cháilíochta agus éifeachtúlacht amach, ar aon dul le ceanglais dhlíthiúla idirnáisiúnta agus le ceanglais dhlíthiúla AE. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 20 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d’fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl mar chuid d’athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Bainistíocht i gcomhthéacs an ghlactha



*Faoi chóipcheart ag Fedasil, saoráid glactha atá lonnaithe in Moeskroen*

| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Bainisteoirí, stiúrthóirí agus cinn foirne de chuid saoráidí nó gníomhaireachtaí glactha* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Teoiricí, scileanna agus uirlisí ceannaireachta agus bainistíochta a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs an ghlactha. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Cumhdaítear sa mhodúl seo na gnéithe éagsúla de na gnáthdhualgais laethúla a bhíonn ar bhainisteoir a oibríonn i réimse an ghlactha. Agus eolas teoiriciúil agus eolas praiticiúil araon á gcumhdach ann, is é aidhm an mhodúil inniúlachtaí a fhorbairt a chuirfidh feabhas ar cháilíocht agus éifeachtúlacht i réimse an ghlactha, ar aon dul le caighdeáin Eorpacha. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin. Beidh sé ar fáil ar líne i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 20 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |

# Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh




| *Príomh-spriocghrúpa* | *Taighdeoirí ar fhaisnéis faoin tír thionscnaimh agus gairmithe eile a oibríonn le faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh* |
|---|---|
| *Torthaí foghlama* | • Tuairisc a thabhairt ar an scóip agus an ról atá ag faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh i nósanna imeachta difriúla.<br>• Breac-chuntas a thabhairt ar na caighdeáin dhlíthiúla agus ar na cleachtais dhifriúla atá i bhfeidhm i Stáit AE+.<br>• Míniú a dhéanamh ar na difríochtaí idir faisnéis ghinearálta faoin tír thionscnaimh agus faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh.<br>• Ceisteanna iontaofa a cheapadh agus faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a chuardach sa bhunachar sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh agus an fhaisnéis sin a léiriú.<br>• Iarraidh aonair a sheoladh. |
| *Forbhreathnú ar an modúl* | Agus é dírithe go díreach ar an mbunachar sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh, dírítear sa mhodúl seo ar an dóigh is fearr chun ceisteanna atá sonrach don chás a fhorbairt, chun an bunachar sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a chuardach, chun an fhaisnéis atá i bhfreagraí ar cheisteanna a léiriú agus chun iarraidh ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a sheoladh. Sa mhodúl seo, tugtar aird ar imthosca difriúla agus tairgtear dhá chonair foghlama dhifriúla: bunmhodúl ina bhfoghlaimítear conas an bunachar sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a chuardach; agus ardmhodúl le haghaidh ardúsáideoirí faisnéise leighis faoin tír thionscnaimh atá freagrach as iarrataí nua ar fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a sheoladh. Is é aidhm an mhodúil seo cabhrú le húsáideoirí an bhunachair sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh tuiscint a ghnóthú ar scóip an bhunachair sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh agus ar an ról atá ag an bhfaisnéis sin i réimse na cosanta idirnáisiúnta. Ba cheart d'fhoghlaimeoirí an bunmhodúl i bhfaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh a chur i gcrích sula dtabharfadh siad faoin ardmhodúl i bhfaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh. |
| *Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu* | Ós rud é gur scríofa i mBéarla atá inneachar an bhunachair sonraí um fhaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh, níl an modúl seo ar fáil ach i mBéarla amháin.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin freisin. |
| *Modh soláthair agus fad* | Cé nach soláthraítear an bunmhodúl i bhfaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh ach ar líne amháin, soláthraítear an t-ardmhodúl i bhfaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh ar líne agus ar bhonn aghaidh ar aghaidh araon. Soláthraítear an bunmhodúl i bhfaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh trí staidéar ar líne a mhaireann idir 10 n-uair an chloig agus 12 uair an chloig. Soláthraítear an t-ardmhodúl i bhfaisnéis leighis faoin tír thionscnaimh trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 15 huair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá go leith i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| *Leagan* | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |
| *Cad atá i ndán don mhodúl seo?* | Athbhreithneofar an modúl mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Glacadh



| | |
|---|---|
| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cleachtóirí tearmainn agus glactha a bhíonn i dteagmháil dhíreach le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa chóras glactha* |
| ***Torthaí foghlama*** | • Míniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil agus eagraíochtúil le haghaidh glacadh iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta.<br>• Tuairisc a thabhairt ar na gnéithe de na céimeanna difriúla den phróiseas glactha.<br>• Daoine aonair a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu a shainaithint agus idirghabháil shaincheaptha a dhearadh.<br>• An ról agus na scileanna gairmiúla atá ag oifigigh ghlactha a mhíniú.<br>• Na réimsí comhair atá ann le geallsealbhóirí difriúla a mhíniú de réir a gcuid ról agus freagrachtaí. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Cumhdaítear sa mhodúl seo an bhunoiliúint a theastaíonn ó oifigigh ghlactha de réir na Treorach maidir le Dálaí Glactha. Trí léargas a thabhairt ar fhorbairtí stairiúla idirnáisiúnta agus ar an gcomhthéacs dlíthiúil inar tháinig na dálaí glactha reatha chun cinn, dírítear sa mhodúl seo ar ról an oifigigh ghlactha agus ar an raon scileanna a theastaíonn uaidh/uaithi (e.g. teorainneacha gairmiúla a leagan síos, cumarsáid a dhéanamh i dtimpeallacht idirchultúrtha, déileáil le geallsealbhóirí, agus coinbhleachtaí a bhainistiú). Is é aidhm an mhodúil seo aghaidh a thabhairt ar na céimeanna den phróiseas glactha agus, ar an mbealach sin, oifigigh ghlactha a ullmhú ón taobh gairmiúil de chun riachtanais speisialta ghlactha a shainaithint, chun obair le grúpaí leochaileacha agus chun aghaidh a thabhairt ar an meabhairshláinte i gcomhthéacs an ghlactha. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i gCróitis, in Ollainnis, i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, i nGréigis, in Iodáilis, i Rómáinis, i Rúisis agus i Slóvaicis. Beidh sé ar fáil ar líne i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 15 uair an chloig agus 20 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2015. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, úsáidfear inneachar an mhodúil seo sna modúil seo a leanas: 'Tús eolais ar ghlacadh', 'Bainistíocht coinbhleachta agus idirghabháil i réimse an ghlactha', 'Tacaíocht agus treoir shíceasóisialta i réimse an ghlactha', 'Glacadh daoine leochaileacha (bloc A)', 'Glacadh daoine leochaileacha (bloc B)' agus 'Caighdeáin theicniúla ghlactha'. |

# Glacadh daoine leochaileacha: leochaileacht a shainaithint agus tacaíocht tosaigh a sholáthar (bloc A)



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | ***Cleachtóirí tearmainn agus glactha a bhíonn i dteagmháil dhíreach le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa chóras glactha*** |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Breac-chuntas a thabhairt ar tháscairí leochaileachta, ar chatagóirí daoine leochaileacha agus ar na himpleachtaí atá ag leochaileachtaí do riachtanais speisialta ghlactha.<br>• Teicnící agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm chun sainaithint a dhéanamh ar iarratasóirí ar thearmann a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu agus a chinneadh conas déileáil leo.<br>• Tacaíocht a thionscnamh d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Dírítear sa mhodúl seo ar choincheap na leochaileachta i gcomhthéacs an ghlactha. Tugtar tuairisc ann ar chatagóirí difriúla daoine leochaileacha, agus díriú á leagan ar na himpleachtaí atá ag leochaileachtaí do riachtanais ghlactha, ar tháscairí leochaileachta, ar thosca cosantacha agus ar na céimeanna tosaigh le haghaidh tacú le hiarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta ghlactha acu, ar gharchabhair shíceolaíoch agus ar chlaontachtaí agus conas claontachtaí a shárú. Tugtar breac-chuntas ann freisin ar conas tuarascálacha oibiachtúla a chur le chéile ina dtugtar tuairisc ar bharúlacha i leith leochaileachta, ar na bunphrionsabail um leithdháileadh saoráidí agus seomraí le haghaidh daoine leochaileacha, agus ar fhaisnéis a sholáthar do dhaoine leochaileacha. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Níl an modúl seo ar fáil ar líne ach i mBéarla amháin. Beidh sé ar fáil ar líne i Seicis, i nGearmáinis, i nGréigis, i Slóvaicis agus i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla, i nGearmáinis agus i Slóvaicis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 20 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá amháin i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Tá an modúl seo ar fáil do chleachtóirí tearmainn agus glactha agus soláthraítear é i gcomhréir le plean oiliúna bliantúil EASO. |

# Glacadh daoine leochaileacha: measúnú ar riachtanais agus dearadh idirghabhálacha (bloc B)



| Príomh-spriocghrúpa | *Cleachtóirí tearmainn agus glactha a bhíonn i dteagmháil dhíreach le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta sa chóras glactha* |
|---|---|
| **Torthaí foghlama** | • Tuairisc a thabhairt ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag leochaileachtaí sonracha ar riachtanais ghlactha.<br>• Measúnú a dhéanamh ar na riachtanais speisialta ghlactha atá ag iarratasóirí.<br>• Dearadh agus athbhreithniú a dhéanamh ar na pleananna pearsanta glactha atá ag iarratasóirí ar thearmann i gcomhthéacs leochaileachtaí atá ann cheana agus atá ag athrú. |
| **Forbhreathnú ar an modúl** | Dírítear sa mhodúl seo ar an tábhacht a bhaineann leis na riachtanais a eascraíonn as leochaileachtaí iarratasóirí a chur san áireamh i gcinntí agus i ngníomhaíochtaí i réimse an ghlactha, ar conas measúnú ar riachtanais speisialta ghlactha a dhéanamh maidir le hiarratasóir ar chosaint idirnáisiúnta agus ar conas pleananna pearsanta glactha a dhearadh agus a athbhreithniú i gcomhthéacs leochaileachtaí atá ann cheana agus atá ag athrú. Is é aidhm an mhodúil seo tuiscint a thabhairt d'oifigigh ghlactha ar an tionchar a imríonn leochaileachtaí ar riachtanais ghlactha. B'fhearr go mbeadh an modúl dar teideal 'Glacadh daoine leochaileacha: leochaileacht a shainaithint agus tacaíocht tosaigh a sholáthar (bloc A)' curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| **Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu** | Beidh an modúl seo ar fáil ar líne go luath, agus é ar fáil i mBéarla amháin. Beidh sé ar fáil ar líne i Seicis, i nGearmáinis, i Slóvaicis agus i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla agus i nGearmáinis. |
| **Modh soláthair agus fad** | Ní sholáthraítear an modúl seo ach ar líne amháin. Maireann an staidéar ar líne thart ar 15 uair an chloig. |
| **Leagan** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| **Cad atá i ndán don mhodúl seo?** | Beidh an modúl seo ar fáil do chleachtóirí tearmainn agus glactha agus soláthrófar é i gcomhréir le plean oiliúna bliantúil EASO ón dara seimeastar den bhliain 2021 ar aghaidh. |

# Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú



| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Oifigigh chlárúcháin* |
|---|---|
| ***Torthaí foghlama*** | • Tuairisc a thabhairt ar na príomhfhorálacha dlíthiúla AE maidir le cosaint idirnáisiúnta, go háirithe iad sin a bhaineann le clárú.<br>• Na céimeanna difriúla den phróiseas clárúcháin a leanúint agus coimircí nós imeachta a chur i bhfeidhm d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu le linn iad a chlárú.<br>• Cur chuige iomchuí a ghlacadh i leith cumarsáide le linn daoine a chlárú. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Cumhdaítear sa mhodúl seo an creat dlíthiúil maidir le cosaint idirnáisiúnta, agus díriú á leagan ar rochtain ar an nós imeachta tearmainn, ar na céimeanna den phróiseas clárúcháin, ar choimircí a chur i bhfeidhm d'iarratasóirí a bhfuil riachtanais speisialta acu le linn iad a chlárú agus ar theicnící cumarsáide le linn clárú a dhéanamh. Is é aidhm an mhodúil seo an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn a thabhairt do rannpháirtithe chun gur féidir leo clárú iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a phróiseáil. B'fhearr go mbeadh na modúil dar teideal 'Cumarsáid do chleachtóirí tearmainn', 'An creat dlíthiúil', 'Caighdeáin eiticiúla agus ghairmiúla' agus 'Tús eolais ar leochaileacht' curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoin modúl seo. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i nGearmáinis agus in Iodáilis.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil i mBéarla, i nGearmáinis agus in Iodáilis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann thart ar 15 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann lá amháin i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2020. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Uasghrádófar an modúl seo mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO. |

# Athlonnú



| | |
|---|---|
| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Cásoifigigh thearmainn, oifigigh athlonnaithe agus gairmithe eile a oibríonn i réimse an athlonnaithe* |
| ***Torthaí foghlama*** | • A mhíniú conas próiseas rathúil athlonnaithe a chur chun feidhme.<br>• Sainaithint a dhéanamh ar na dúshláin atá ann sa phróiseas athlonnaithe.<br>• Gníomhaíochtaí dea-fheidhmiúla athlonnaithe a dhearadh. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Tugtar aghaidh sa mhodúl seo ar na príomhghnéithe den phróiseas athlonnaithe: riachtanais athlonnaithe a bheith á sainaithint ag Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe le haghaidh Dídeanaithe agus an comhad athlonnaithe a chur faoi bhráid an Bhallstáit atá i gceist; an misean roghnúcháin a ullmhú agus a bhainistiú; roghnú sainchomhad; treoshuíomh réamhimeachta; aistriú; agus na seirbhísí ábhartha iartheachta a sholáthar do na dídeanaithe athlonnaithe. Is é aidhm an mhodúil seo cur leis an eolas atá ag rannpháirtithe ar cad is athlonnú ann, ar conas is féidir é a eagrú agus ar conas na céimeanna difriúla den phróiseas athlonnaithe a bhainistiú go rathúil. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla agus i nGearmáinis. Beidh sé ar fáil ar líne i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Níl an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil ach i mBéarla amháin. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 20 uair an chloig agus 30 uair an chloig agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2019. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, úsáidfear inneachar an mhodúil seo sna modúil seo a leanas: 'Tús eolais ar athlonnú', 'Athlonnú: roghnú', 'Athlonnú: misin a chomhordú', 'Athlonnú: misin roghnúcháin a chomhordú', 'Athlonnú: réamhimeacht' agus 'Athlonnú: misin treoshuímh réamhimeachta a chomhordú'. |

# Gáinneáil ar dhaoine



| | |
|---|---|
| ***Príomh-spriocghrúpa*** | *Oifigigh thearmainn agus oifigigh eile a thagann i dteagmháil le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine nó le híospartaigh fhéideartha na gáinneála ar dhaoine* |
| ***Torthaí foghlama*** | • Leibhéal 1.<br>• Na comharthaí a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a bhrath.<br>• A mhíniú conas an teagmháil tosaigh le híospartach na gáinneála ar dhaoine nó le híospartach féideartha na gáinneála ar dhaoine a láimhseáil.<br>• Leibhéal 2<br>• Bheith ar an eolas faoi conas agallamh tearmainn a ullmhú agus é a sheoladh le híospartach na gáinneála ar dhaoine nó le híospartach féideartha na gáinneála ar dhaoine.<br>• A thuiscint conas aghaidh a thabhairt ar an bpróiseas cinnteoireachta maidir le héileamh ar chosaint lena mbaineann íospartach na gáinneála ar dhaoine nó íospartach féideartha na gáinneála ar dhaoine. |
| ***Forbhreathnú ar an modúl*** | Tá an modúl seo comhdhéanta de dhá leibhéal. Sa chéad leibhéal, méadaítear feasacht ar íospartaigh na gáinneála nó ar íospartaigh fhéideartha na gáinneála. Is é an aidhm atá leis an t-eolas agus na scileanna a theastaíonn a thabhairt do rannpháirtithe chun gur féidir leo íospartaigh fhéideartha na gáinneála a shainaithint agus an teagmháil tosaigh a láimhseáil. Sa dara leibhéal, dírítear ar íospartaigh na gáinneála ar féidir go bhfuil cosaint idirnáisiúnta de dhíth orthu. Mínítear ann conas agallamh tearmainn a ullmhú agus é a sheoladh le híospartach na gáinneála ar dhaoine nó le híospartach féideartha na gáinneála ar dhaoine agus ar conas aghaidh a thabhairt ar chinnteoireacht maidir le héileamh ar chosaint lena mbaineann duine den sórt sin. B'fhearr go mbeadh na modúil dar teideal 'Cuimsiú', 'Teicnící agallaimh' agus 'Measúnú fianaise' curtha i gcrích ag rannpháirtithe sula dtabharfadh siad faoi leibhéal 2 den mhodúl seo. |
| ***Na teangacha a bhfuil an modúl ar fáil iontu*** | Tá an modúl seo ar fáil ar líne i mBéarla, i nGearmáinis, in Iodáilis agus i dTuircis. Beidh sé ar fáil ar líne in Araibis, i Slóvaicis agus i Spáinnis i gceann roinnt bheag míonna.<br>Tá an lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ar fáil in Araibis, i mBéarla, i nGearmáinis agus in Iodáilis. |
| ***Modh soláthair agus fad*** | Soláthraítear an modúl seo trí staidéar ar líne a mhaireann idir 18 n-uair an chloig agus 20 uair an chloig (san iomlán don dá leibhéal) agus trí sheisiún aghaidh ar aghaidh a mhaireann dhá lá i gcomhcheangal.<br>In imthosca eisceachtúla, d'fhéadfaí an seisiún aghaidh ar aghaidh a sholáthar go fíorúil. |
| ***Leagan*** | Ullmhaíodh an leagan is déanaí sa bhliain 2017. |
| ***Cad atá i ndán don mhodúl seo?*** | Mar chuid d'athstruchtúrú Churaclam Oiliúna EASO, úsáidfear inneachar an mhodúil seo sna modúil dar teideal 'Gáinneáil ar dhaoine' agus 'Bainistiú a dhéanamh ar chásanna a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine'. |

# Iarscríbhinn I – Leaganacha teanga de mhodúil Churaclam Oiliúna EASO

| | bg | cs | da | de | el | en | es | et | fi | fr | ga | hr | hu | it | lt | lv | mt | nl | pl | pt | ro | sk | sl | sv | ar | ka | mk | no | ru | sq | tr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Clásail eisiaimh a chur i bhfeidhm maidir le daoine nár cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt dóibh | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | | | |
| An treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comhchóras Eorpach Tearmainn | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn agus faisnéis a sholáthar dóibh | | | | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Faisnéis faoin tír thionscnaimh | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Rialachán Bhaile Átha Cliath III | | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | |
| Deireadh le cosaint | | | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | |
| Measúnú fianaise | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta in AE | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | |
| Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh | | | | ✓ | | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | | ✓ | | |
| Cásanna féideartha Bhaile Átha Cliath a shainaithint | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | |
| Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | |
| Cuimsiú | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| Cuimsiú – ardmhodúl | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | |
| Ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn | | | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | | | | | ✓ | | | | | | ✓ | | |
| Agallamh a chur ar leanaí | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | | ✓ | | |
| Agallamh a chur ar dhaoine leochaileacha | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ | | | | | ✓ | | ✓ | | ✓ |

| | bg | cs | da | de | el | en | es | et | fi | fr | ga | hr | hu | it | lt | lv | mt | nl | pl | pt | ro | sk | sl | sv | ar | ka | mk | no | ru | sq | tr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Teicnící agallaimh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ |
| Tús eolais ar mhodhanna teagascacha | | | | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | ✓ |
| Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | |
| Bainistíocht i gcomhthéacs an tearmainn | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bainistíocht i gcomhthéacs an ghlactha | | | | | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Glacadh | | | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | | | ✓ | ✓ | | | | | | | ✓ | | |
| Glacadh daoine leochaileacha: leochaileacht a shainaithint agus tacaíocht tosaigh a sholáthar (bloc A) | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | |
| Glacadh daoine leochaileacha: measúnú ar riachtanais agus dearadh idirghabhálacha (bloc B) | | ✓ | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | |
| Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Athshocrú | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gáinneáil ar dhaoine | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | ✓ | | | | | | ✓ |

NB: bg, Bulgáiris; cs, Seicis; da, Danmhairgis; de, Gearmáinis; el, Gréigis; en, Béarla; es, Spáinnis; et, Eastóinis; fi, Fionlainnis; fr, Fraincis; ga, Gaeilge; hr, Cróitis; hu, Ungáiris; it, Iodáilis; lt, Liotuáinis; lv, Laitvis; mt, Máltais; nl, Ollainnis; pl, Polainnis; pt, Portaingéilis; ro, Rómáinis; sk, Slóvaicis; sl, Slóivéinis; sv, Sualainnis; ar, Araibis; ka, Seoirsis; mk, Macadóinis; no, Ioruais; ru, Rúisis; sq, Albáinis; tr, Tuircis.

# Iarscríbhinn II – Leaganacha teanga de lámhleabhair oiliúnóra EASO le haghaidh soláthar fíorúil

| | bg | cs | da | de | el | en | es | et | fi | fr | ga | hr | hu | it | lt | lv | mt | nl | pl | pt | ro | sk | sl | sv | ar | ka | mk | no | ru | sq | tr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Clásail eisiaimh a chur i bhfeidhm maidir le daoine nár cheart cosaint idirnáisiúnta a thabhairt dóibh | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | |
| An treoir maidir le nósanna imeachta tearmainn | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| An Comhchóras Eorpach Tearmainn | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn agus faisnéis a sholáthar dóibh | | | | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Faisnéis faoin tír thionscnaimh | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Rialachán Bhaile Átha Cliath III | | ✓ | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Deireadh le cosaint | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Measúnú fianaise | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cearta bunúsacha agus cosaint idirnáisiúnta in AE | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Inscne, féiniúlacht inscne agus gnéaschlaonadh | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cásanna féideartha Bhaile Átha Cliath a shainaithint | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cásanna féideartha eisiaimh a shainaithint | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Cuimsiú | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| Cuimsiú – ardmhodúl | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Ateangaireacht i gcomhthéacs an tearmainn | Níl aon lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ann don mhodúl seo. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Agallamh a chur ar leanaí | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |

| | bg | cs | da | de | el | en | es | et | fi | fr | ga | hr | hu | it | lt | lv | mt | nl | pl | pt | ro | sk | sl | sv | ar | ka | mk | no | ru | sq | tr |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Agallamh a chur ar dhaoine leochaileacha | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| Teicnící agallaimh | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| Tús eolais ar mhodhanna teagascacha | | | | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ |
| Tús eolais ar chosaint idirnáisiúnta | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bainistíocht i gcomhthéacs an tearmainn | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Bainistíocht i gcomhthéacs an ghlactha | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Faisnéis leighis faoin tír thionscnaimh | | | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Glacadh | | | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Glacadh daoine leochaileacha: leochaileacht a shainaithint agus tacaíocht tosaigh a sholáthar (bloc A) | | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | ✓ | | | | | | | | | |
| Glacadh daoine leochaileacha: measúnú ar riachtanais agus dearadh idirghabhálacha (bloc B) | Níl aon lámhleabhar oiliúnóra le haghaidh soláthar fíorúil ann don mhodúl seo. | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Iarratais ar chosaint idirnáisiúnta a chlárú | | | | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | | | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Athshocrú | | | | ✓ | | ✓ | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
| Gáinneáil ar dhaoine | | | | ✓ | | ✓ | ✓ | | | | | | | ✓ | | | | | | | | ✓ | | | ✓ | | | | | | ✓ |

NB: bg, Bulgáiris; cs, Seicis; da, Danmhairgis; de, Gearmáinis; el, Gréigis; en, Béarla; es, Spáinnis; et, Eastóinis; fi, Fionlainnis; fr, Fraincis; ga, Gaeilge; hr, Cróitis; hu, Ungáiris; it, Iodáilis; lt, Liotuáinis; lv, Laitvis; mt, Máltais; nl, Ollainnis; pl, Polainnis; pt, Portaingéilis; ro, Rómáinis; sk, Slóvaicis; sl, Slóivéinis; sv, Sualainnis; ar, Araibis; ka, Seoirsis; mk, Macadóinis; no, Ioruais; ru, Rúisis; sq, Albáinis; tr, Tuircis.

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh